



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2024

STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAON, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

Lean CEANN AMHÁIN de na sraitheanna treoracha seo a leanas:

1. Gnáth-threoracha:	NÓ	2. Treoracha malartacha do 2024 amháin:
<p>Freagair Ranna 1, 2 agus 3 istigh.</p> <ul style="list-style-type: none">Roinn 1 (100 marc) Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3) Freagair gach cuid den roinn seo.Roinn 2 (200 marc) Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6. Freagair gach ceann de dhá thopaic as an roinn seo.Roinn 3 (100 marc) An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6. Freagair topaic amháin as an roinn seo.		<ul style="list-style-type: none">Roinn 1 (100 marc) Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3) Freagair gach cuid den roinn seo.Ranna 2 agus 3 (300 marc) Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6, <i>agus</i> An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.<ul style="list-style-type: none">Freagair na codanna A, B agus C de dhá thopaic i Ranna 2 agus 3.Freagair ar chuid B bhreise agus ar chuid C bhreise de cheann amháin den dá thopaic a roghnaigh tú.Freagair na ceisteanna atá i gcuid A ar leathanach 15.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

An Eoraip agus an domhan mór: *Topaic 3*
Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Seóthrialacha Stailín

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) De réir dhoiciméad A, cén áit i Moscó a raibh seóthriail 1938 ar siúl?
(b) De réir dhoiciméad A, cad é an phríomhchúis a cuireadh i leith na gcosantóirí?
(c) De réir dhoiciméad A, cén rud a rinne na cosantóirí iarracht a dhéanamh arís is arís eile?
(d) De réir dhoiciméad B, cá fhad a thóg sé ar an mbreitheamh filleadh ar an gcúirt leis an mbreith?
(e) De réir dhoiciméad B, cén bhreith ar thángthas uirthi?

(40)

2. (a) Cén ról a bhí ag Andrei Vsyshinsky, de réir na ndoiciméad? Bíodh tagairt agat don dá dhoiciméad i do fhreagra.
(b) Cé acu doiciméad, A nó B, ina dtugtar níos mó eolais ar na coireanna a maíodh a rinne na príosúnaigh? Bíodh tagairt agat don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

3. (a) An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é doiciméad A? Tabhair fáth le do fhreagra.
(b) I ndoiciméad B, cén fhianaise a thaispeánann gur chreid an tAmbasadóir Davies go raibh na cosantóirí ciontach? Bíodh tagairt agat don doiciméad i do fhreagra.

(20)

4. Cad iad na bealaí ina raibh tionchar ag na seóthrialacha ar an Rúis nuair a bhí Stailín i gceannas ar an tír?

(20)

– Doiciméad A –

Seo sliocht coimrithe as cuimhní cinn leis an eolaí Rúiseach Ilya Zbarsky, a d'fhreastail ar sheóthriail 1938 i Moscó.

I mí an Mhárta 1938 tugadh pas dom chuitg seóthriail a bhí ar siúl i dTeach na Trádála, Moscó. Ag ceann seomra fada, rinne Andrei Vyshinsky, an t-ionchúisitheoir, ionsaí fada, géar ar na príosúnaigh.

An phríomhchúis a bhí á cur i leith na gcosantóirí, ar cheannairí sa pháirtí agus dochtúirí iad, ná go raibh iarracht déanta acu an rialtas Sóivéadach a chur as cumhacht. Ar ndóigh, spiairí a bhí iontu a bhí á n-íoc ag cumhachtaí eachtracha. Arís, ar ndóigh, bhí iarrachtaí déanta acu arís is arís eile Stailín a fheallmharú.

Dhá uair an chloig fhada a thóg sé liosta na gcúiseanna ina gcoinne a léamh amach. Bhí an chuma air go raibh fianaise chomh láidir sin taobh thiar de gach rud a cuireadh ina leith gur shíl mé go gcaithfeadh go raibh sé fíor. Tháinig mé ar an tuairim chinnte go raibh na fir a bhí cúisithe ciontach.

Foinse: Ilya Zbarsky & Samuel Hutchinson, *Lenin's Embalmers* (Londain: Harvill Press, 1998).

– Doiciméad B –

Seo sliocht coimrithe as leabhar ar Stailín le staráí, a foilsíodh le déanaí.

Idir 2-13 Márta 1938 bhí Trial an Aon Duine is Fiche ann i Moscó. Nuair a d'fhiadfraig an t-ionchúisitheoir, Vyshinsky, den duine ba mhó le rá de na príosúnaigh, Nicholai Bukharin, an raibh sé ciontach i spiaireacht, d'fhreagair sé: 'Níl mé.'

D'fhág an breitheamh seomra na cúirte ag 9.25 p.m. ar an 12 Márta agus d'fhill leis an mbreith ocht n-uair an chloig déag agus tríocha cúig nóiméad níos déanaí. Fuarthas iad ar fad ciontach agus daoradh chun a scaoilte iad ar fad seachas triúr.

Chreid Ambasadóir Mheiriceá go Moscó, Joseph E. Davies, an fhianaise. Tá sé ar an taifead go ndúirt sé 'tá siad ciontach' i gcomhrá príobháideach. Agus i litir a sheol sé chuig an Uachtaráin Roosevelt, mhaígh sé gur léirigh an trial 'comhcheilg pholaitíochta chinnte chun an rialtas Sóivéadach a chur as cumhacht.'

Foinse: Abraham Ascher, *Stalin* (Londain: Oneworld Publications, 2017).

ROINN 2: ÉIRE

Éire: Topaic1 Éire agus an tAontas, 1815-1870

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo sliocht coimrithe as litir a scríobh an tArdEaspag Paul Cullen. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ó tháinig mé go hÉirinn, ón Róimh, tá mé buailte ag broiteachta de bharr fuacht géar.
Thug mé, mar sin féin, camchuairt ar mo dheoise, Ard Mhacha.*

Tá bochtanas an-mhór i measc na gCaitliceach. Tá a líon trian níos lú ná mar a bhí sé bliana ó shin. Gorta, galar agus imirce is cúis leis an laghdú seo.

Thug mo chamchuairt chomh fada le hArd Mhacha mé, chun seilbh a ghlaicadh ar an ardeaglais. Is beag má tá sí níos fearr ná prochóg, gan í ach fiche troigh ar airde, ar éigean. Is fior go bhfuil mé gan ardeaglais, gan teach cónaithe ná ioncam, ach táim ag súil leis an sionad a bheidh ar siúl i nDurlas.

Foinse: D. Ó Corráin & T. O’Riordan (eagarthóirí), *Ireland 1815-1870* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2011).

1. Cén fáth ar éirigh an t-údar breoite?
2. Cén fáth a raibh titim ar líon na gCaitliceach?
3. Cén fáth a raibh díomá ar an údar leis an ardeaglais?
4. Seachas ardeaglais, cad nach raibh ag an údar?
5. Luaih cinneadh amháin a glacadh ag Sionad Dhurlais, 1850.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cogadh na nDeachúna.
2. William Dargan.
3. An Mháthairab Mary Aikenhead.
4. Forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh Dónall Ó Conaill i mbun feachtais le haghaidh Fhuascailt na gCaitliceach in 1829?
2. Cad iad na bealaí ar fhreagair Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholson don Ghorta Mór?
3. Conas a chuir scríbhinní William Carleton lenár dtuiscint ar shaol na hÉireann?
4. Ón staidéar atá déanta agat, cad a d’fhoghlaim tú faoi James Stephens agus an Fíníneachas?

Éire: Topaic 2
Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht coimrithe seo tugann Justin McCarthy, iriseoir agus polaiteoir, cuntas ar thabhairt isteach an Chéad Bhille Rialtais Dúchais (1886). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Thug an tUasaí Gladstone isteach a chéad bheart Rialtais Dúchais. Moladh ann go bhfágfaí riart a ngnóthaí féin faoi mhuintir na hÉireann, i bparlaimint i mBaile Átha Cliath, agus gan aon ionadaíocht a bheith ag Éirinn in Westminster.

Bhí Páirtí Parlaiminteach na hÉireann [Páirtí Parnell] sásta, den chuid ba mhó, glacadh leis an moladh seo. Chuir Éireannaigh a bhí ina gcónai í Sasana ina choinne, áfach.

Mura mbeadh aon bhaill Éireannacha le bheith sa Pharlaimint i Londain, a d'áitigh siad, ní bheadh aon duine ann chun aire a thabhairt do leas an dá nó trí mhilliún Éireannach a bhí ina gcónai sa Bhreatain Mhór.

Foinse: Justin McCarthy, *The Story of Gladstone's Life* (Nua Eabhrac: Macmillan, 1897).

1. Cén beart a bhí tugtha isteach ag Gladstone?
2. Conas a d'fhreagair páirtí Parnell don bheart?
3. Cé a chuir ina choinne?
4. Cén fáth ar chuir siad ina choinne?
5. Cén toradh a bhí ar an vótá ar an gcéad Bhille Rialtais Dúchais?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An ghluaiseacht Rialtais Dúchais faoi Isaac Butt.
2. Leasuithe oideachais: scoileanna agus ollscoileanna.
3. Edward Carson.
4. Hanna Sheehy-Skeffington.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Charles Stewart Parnell agus/nó Michael Davitt leis an ghluaiseacht ar son leasú chóras na talún?
2. Cad iad na forbairtí a tharla i gCumann Lúthchleas Gael (CLG) idir 1884 agus 1891?
3. Cad iad na heachtraí a tharla i mBaile Átha Cliath le linn stailc agus fhrithdhúnadh 1913?
4. Cad iad na bealaí inar chuir Dubhghlas de híde agus/nó W.B. Yeats leis an athbheochan chultúrtha in Éirinn?

Éire: Topaic 3

Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tagraítear sa sliocht coimrithe seo do dhuine de cheannairí Éirí Amach 1916 a bheith á chur chun básis. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

De bhrí gur gortaíodh go dona é in Ard-Oifig an Phoist le linn Sheachtain na Cásca, cuireadh Séamas Ó Conghaile i bpriosún i mbarda beag i sciathán an ospidéil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Is ansin a cuireadh triail armchúirte air agus a daoradh chun básis é ar 9 Bealtaine. Níos déanaí an lá sin, thug a bhean chéile, Lillie, agus a iníon, Nora, cuairt air. Bhí siad dóchasach, mar gheall ar a chuid gortuithe, go mb'fhéidir nach gcuirfí chun básis é.

An lá dár gcionn, áfach, cuireadh in iúl do Ó Conghaile go gcuirfí chun básis é le breacadh an lae ar an 11 Bealtaine. ‘Cur chun básis curtha ar fionraí ar ordú an Phríomh-Aire’ atá scríofa ar chomhad Uí Chonghaile. Thug an Ginearál Sir John Maxwell neamháid ar an ordú seo.

Le breacadh an lae ar an 11 Bealtaine tugadh Ó Conghaile in otharcharr go príosún Chill Mhaighneann. De bhrí nach raibh sé in ann seasamh, ceanglaíodh i gcathaoir é agus chuir scuad láimhaigh chun básis é.

Foinse: John Bowman, *Ireland: The Autobiography* (Baile Átha Cliath: Penguin Ireland, 2016).

1. Cén foirgneamh ina raibh Ó Conghaile lonnaithe le linn Sheachtain na Cásca?
2. Cad a tharla do Ó Conghaile ar an 9 Bealtaine?
3. Cén fáth a raibh bean chéile agus iníon Uí Chonghaile dóchasach nach gcuirfí chun básis é?
4. Cén t-ordú a thug an Príomh-Aire?
5. Cén grúpa, a bhunaigh Ó Conghaile in 1913, a ghlac páirt in Éirí Amach 1916?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An tionchar a bhí ag an gCéad Chogadh Domhanda ar Éirinn.
2. An Chuntaois Markievicz.
3. Liam T. Mac Cosgair.
4. Forbairtí i gcúrsaí oideachais, 1922-1949.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí ról Mhichíl Uí Choileáin i ngnóthaí na hÉireann?
2. Cad iad na hullmhúcháin a rinne an Eaglais agus an Stát chun a chinntíú go mbeadh rath ar Chomhdháil Chorp Chríost, 1932?
3. Conas mar a d'éirigh le hÉamon de Valera sa chaoi ar láimhseáil sé cúrsaí na hÉireann idir 1932 agus 1939?
4. Conas mar a bhí an saol ag muintir Bhéal Feirste le linn an Dara Cogadh Domhanda?

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht seo scríobhann an staráí Oliver MacDonagh ar Grosse Isle, Ceanada, 1847. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Faoi dheireadh mhí na Bealtaine 1847, bhí breis agus 12,000 imirceach Éireannach ina gcónai in Grosse Isle – agus lean siad orthu ag teacht.

Bhí tífeas tógtha ag cuid acu cheana féin. Leath an galar níos mó fós mar nach raibh fonn ar bhaill teaghlaigh a bhí sláintiúil na daoine eile a thréigean.

Bhí ar a laghad 20,000 imirceach (thart ar 30%) básaithe faoi dheireadh na bliana 1847.

Bhí 30,000 eile a chuaigh anonn go dtí na Stáit Aontaithe, ainneoin go raibh constaicí curtha suas ag na Meiriceánaigh ina gcoinne.

Foinse: R. Dudley Edwards & T. Desmond Williams (eagarthóirí), *The Great Famine* (Baile Átha Cliath: The Lilliput Press, 1992).

1. Cé mhéad Éireannach a bhí ar Grosse Isle ag deireadh mhí na Bealtaine 1847?
2. Cé mhéad díobh a bhí básaithe faoi dheireadh na bliana 1847?
3. Cén galar a luaitear?
4. Ar chuir na Meiriceánaigh fáilte roimh imircigh Éireannacha? Tabhair fáth le do fhreagra.
5. Cad a bhí i gceist le himirce chuidithe?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. John Devoy.
2. Na Molly Maguires.
3. An tOrd Oráisteach i gCeanada agus san Astráil.
4. An tEaspag Edward Galvin.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le misean Éamoin de Valera go Meiriceá, Meitheamh 1919 – Nollaig 2020?
2. Cad iad na nithe a bhain an tArdeaspag Daniel Mannix agus/nó an Mháthairab Mary Martin amach?
3. Conas a bhí an saol ag Domhnall Mac Amhláigh mar inimirceach Éireannach sa Bhreatain?
4. Cad iad na bealaí inar léirigh Maureen O'Hara agus/nó Paul O'Dwyer eispéireas na nGael-Mheiriceánach?

Éire: Topaic 5
An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht coimrithe seo tugann iriseoir de chuid an *Irish Times* léargas gruama ar Dhoire (19 Feabhra 1965). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Níl an meathlú le brath in aon áit eile faoi mar atá sé le brath i nDoire, áit a bhfuil 25% de na fir difhhostaithe.

Tá tithe breátha i ndroch-chaoi. Ar na sráideanna sin ina bhfuil teipthe ar ghnólachtaí, feictear aghaidheanna na n-iarshiopaí agus cuirtíní dúnta orthu.

Is deacair gan teacht ar an tuairim gur diúltaíodh ollscoil don chathair mar gur dóigh leis na húdaráis nach féidir Doire a shábháil.

Foinse: *Irish Times*, 19 Feabhra 1965.

1. Dar leis an údar, cad atá le brath i nDoire?
2. Cén céatadán de na fir atá difhhostaithe?
3. Cén fáth a bhfuil na cuirtíní dúnta ar aghaidheanna siopaí?
4. Cén dearcadh a thugtar le fios atá ag na húdaráis ar Dhoire?
5. Luagh argóint amháin a rinneadh ar son ollscoil nua a thógáil i gCúil Raithin.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Bernadette Devlin.
2. James Molyneaux.
3. An fhreagairt chultúrtha do na “Trioblóidí”.
4. Dearbhú Shráid Downing, 1993.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na leasuithe i gcúrsaí sláinte agus tithíochta a tugadh isteach, 1949-1969?
2. Cad a bhí á chomóradh ag Printísigh Dhoire agus cén fáth ar tharraing a gcomóradh conspóid?
3. Cad a bhí i gComhaontú Sunningdale, 1973, agus ar éirigh leis?
4. Cén tionchar a bhí ag duine amháin díobh seo a leanas ar chúrsaí i dTuaisceart Éireann: John Hume; Gerry Adams; Ian Paisley?

Éire: Topaic 6

An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo sliocht coimrithe as nota (dar dháta 29 Aibreán 1967) ó T.K. Whitaker, Rúnaí, an Roinn Airgeadais, chuig an Taoiseach Jack Lynch a bhí ar tí cuairt a thabhairt ar Phríomh-Aire na Breataine, Harold Wilson. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiadh.

Bheadh sé tábhachtach a chur in iúl go soiléir don Uasal Wilson go bhfuil ár dtacaíocht le ballraíocht na Breataine sa CEE ag brath ar an tuiscint go bhfaighidh an dá thír againn ballraíocht.

Thiocfadh staid an-deacair chun cinn dá bhfaigheadh siad siúd ballraíocht, agus nach bhfuair muidne. Táimid eisceachtúil go maith sa tslí gur leis an mBreatain a dhéanaimid tromlach mór ár gcuid trádála.

Tharlódh cur isteach uafásach ar chúrsaí eacnamaíochta dá bhfágfaí scártha amach muid gan ár gceangal trádála leis an mBreatain ná ballraíocht againn sa CEE.

Foinse: Michael Kennedy, Eunan O’Halpin, et al. (eagarthóirí), *Documents on Irish Foreign Policy, Imleabhar XIII, 1965-1969* (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 2022).

1. Cén post a bhí ag T.K. Whitaker?
2. Cé a bhí le bualadh le Harold Wilson?
3. Cén choinníoll a bheadh i gceist dá mbeadh Éire le tacú le ballraíocht na Breataine sa CEE?
4. De réir Whitaker, cad a tharraingeodh cur isteach uafásach ar chúrsaí eacnamaíochta?
5. Luagh rud amháin tábhachtach a bhain T.K. Whitaker amach.

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe ar dhearcadh daoine i leith na Gaeilge, 1949-1989.
2. Rannpháirtíocht na hÉireann sna NA.
3. Charles Haughey.
4. Breandán Ó hEithir.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag RTÉ ar an saol in Éirinn, 1962-1972?
2. Ar chuidigh ballraíocht na hÉireann sa CEE le forbairt na hiascaireachta in Éirinn nó ar chuir sí bac uirthi? Déan do chás a áitiú.
3. Ón staidéar atá déanta agat, cé chomh suntasach is a bhí an méid a chuir Sylvia Meehan agus/nó Mary Robinson leis an saol in Éirinn?
4. Cad a bhain Garret Fitzgerald amach le linn a dhá thréimhse in oifig mar Thaoiseach?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An náisiúnachas agus foirmíú stát san Eoraip, 1815-1871*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tagraítéar sa slíocht coimirithe seo don leasú pólíneachta a thug Sir Robert Peel isteach. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Shocraigh Sir Robert Peel, mar Rúnaí Baile, go raibh an t-am tagtha chun fáil réidh le fir faire na bparóistí agus fórsa pólíní a bheadh eagraithe i gceart a chur ina n-áit. Faoin Acht Pólíneachta Cathrach, 1829, cuireadh fórsa amháin pólíní ar bun sa chuid ba mhó den cheantar laistigh de raon 20km ó Charing Cross, Londain.

Rinne Peel aithris ar chodanna den seanchóras faire: bhí limistéar patróil ann le haghaidh fir faire agus ceanncheathrú láir [stáisiún pólíní].

Deich mbliana níos déanai, thóg fórsa nua pólíní Londan ceannas ar na Pólíní Abhann, na Pólíní Capall agus an tseirbhís bhleachtaireachta. Chreid Peel gurbh é an bealach ab fhéarr chun dul i ggleic leis an gcoireacht, ná gréasán patról chomh docht sin a bheith ann nach bhféadfadh coirpigh feidhmiú.

Foinse: John Wilkes, *A Social and Economic History of Modern Britain* (Cambridge: Cambridge University Press, 1984).

1. Cad a bhí ag teastáil, dar le Sir Robert Peel?
2. Cad é an chuid sin den seanchóras a choimeád Peel?
3. Luagh dualgas breise amháin ar thóg na Pólíní Cathrach ceannas air deich mbliana i ndiaidh bhunú an fhórsa sin.
4. Cén rud a raibh Peel ag súil le baint amach le gréasán docht patról?
5. Ainmnigh leasú amháin eile a raibh baint ag Sir Robert Peel leis.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scriobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Córás Metternich, 1815-1848.
2. Forbairtí san eolaíocht.
3. Giuseppe Mazzini.
4. An seirfechas sa Rúis.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén rud a raibh Robert Owen ag súil lena bhaint amach in New Lanark agus ar éirigh leis?
2. Cad iad na cúiseanna ar theip ar Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin?
3. Cad iad na bealaí inar chuir Baron Haussmann feabhas ar chathair Pháras?
4. Ón staidéar atá déanta agat, cad a d'fhoghlaim tú faoi Karl Marx agus/nó Mikhail Bakunin?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 2
Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo sliocht coimirthe as meamram (Meitheamh 1897) ó Aimiréal von Tirpitz na Gearmáine a raibh tionchar aige ar pholasaí cabhlach Wilhelm II. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ó thaobh na Gearmáine de, an namhaid cabhlach is mó contúirt ná Sasana. Tá ganntanas bunáiteanna cabhlach ar an taobh seo againne agus tá líon mó díobh ar fáil ag Sasana.

Sa staid mhíleata ina bhfuilimid, tá gá le longa cogaidh, a mhéad díobh agus is féidir. Ní mó dúinn ár gcuanta míleata agus ár longchlóis a mhéadú. Ní mó na tionscail armúir agus airm atá againn a fhorbairt níos mó. Ní mó dúinn oiliúint a chur ar an bpearsanra riachtanach agus an maoiniú riachtanach a chur ar fáil.

Is ansin amháin, faoin m bliain 1905, a bheimid in ann breis agus dhá scuadrún iomlána a chruthú, ocht long cogaidh i ngach ceann díobh, agus iad réidh le slógadh.

Foinse: Gordon Martel, *The Origins of the First World War* (Londain: Routledge, 2017).

1. Dar leis an scríbhneoir, cén namhaid ba mhó a bhí ag an nGearmáin?
2. Cad a theastaigh ó chabhlach na Gearmáine?
3. Cad iad na cineálacha tionscail a chaithfear a fhorbairt?
4. Cad é a raibh síul ag cabhlach na Gearmáine a bheith aige faoin m bliain 1905?
5. Go hachomair, conas a d'fhreagair an Bhreatain do mhéadú cabhlach na Gearmáine?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An frith-Sheimíteachas sa Fhrainc.
2. An Pápa Leo XIII.
3. An Dara hildirnáisiúntas.
4. Wilfred Owen.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na nithe a d'éirigh le Bismarck a bhaint amach agus na nithe a theip air a bhaint amach mar Sheansailéir na Gearmáine?
2. Conas a d'athraigh an saol san Eoraip mar thoradh ar chéadchruthú an ghluaisteáin agus blianta tosaigh an ghluaisteáin?
3. Cad a chuir mná leis na hiarrachtaí ar son an chogaidh le linn an Chéad Chogadh Domhanda?
4. Cad a bhí suntasach faoi shaol agus faoi shaothar Marie Curie agus/nó Rosa Luxemburg?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 4
Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992*

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Rinne Ian McDougall, comhfhereagraí eachtrach leis an BBC, tuairisciú ar chomóradh Lá Bealtaine 1960 sa Chearnóg Dhearg, Moscó. Sa slocht coimirithe seo, tugann sé an riocht ina raibh Moscó chun cuimhne. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí an tÓstán Náisiúnta ársa sibhialta go maith. Bhí ar do chumas go fóill seomra faoi leith a ordú le béis a chaitheamh ann – cé nach bhféadfaí a dhearbhú, ar ndóigh, go mbeadh príobháideachas ann. Agus, ar theacht isteach duit, baineadh do phas díot go ceann dhá lá, mar gheall ar liosta rialachán.

Bhí aeráil in easnamh ar an óstán. Rinneadh gach cúnne a bhugáil agus bhí an fhoireann ar fad, idir an bhean a fuair ticéid amharclainne duit agus an fear a chuir snas ar na céimeanna, faoi smacht an KGB [póilíní rúnda].

Foinse: Ian MacDougall, *Foreign Correspondent* (Londain: F. Muller Tta., 1980).

1. Cad a d'fhéadfaí a iarraidh san Óstán Náisiúnta?
2. Cad a bhí in easnamh ar an óstán?
3. Cén fáth nár bhí fhéidir príobháideachas a dhearbhú?
4. Cé a bhí i gceannas ar fhoireann an óstáin?
5. Cad a bhí i gceist leis an bpolasaí ‘cómhaireachtáil shíochánta’ a bhain le Nikita Khrushchev?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cúnamh Marshall.
2. Jean Monnet.
3. Tionchar Ghéarchéim na hOla, 1973.
4. An Pápa Eoin Pól II.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh suntasach agus a bhí ról Imre Nagy agus/nó Nikita Khrushchev le linn Éirí Amach na hUngáire, 1956?
2. Cén tionchar ar ghnóthaí na hEorpa a bhí ag Jacques Delors agus/nó Margaret Thatcher?
3. Cad iad na bealaí inar thriail Mikhail Gorbachev an Rúis Shóivéideach a leasú?
4. Conas a chuir Simone de Beauvoir agus/nó John Lennon leis an gcultúr nua-aoiseach?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht coimrithe seo tugtar cuntas ar fhreagairtí ar neamhspleáchas na hIndia. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Theastaigh ón rialtas nach mbeadh duine ar bith míshona Lá na Saoirse. Scaoileadh saor príosúnaigh pholaitiúla. Laghdaíodh gach breithiúnas báis go dtí príosúnacht saoil.

I nDeilí Nua bhí ríméad ar na daoine. Bhí an baile spleodrach, faoi dhathanna oráiste, bán agus glas. Péinteáladh na hathanna náisiúnta nua ar adharca bullán agus ar chosa capall, agus bhí na ceannaithe síoda ag díol sáirithe trídhatbacha.

I ndiaidh bhreacadh an lae, bhí an Grand Vista, gar do thithe an rialtais i nDeilí Nua, plódaithe le breis agus leathmhilliún duine. I gCalcúta féin, d'iompaigh an foréigean ina cheiliúradh. Bhí Moslamaigh agus Hiondúigh ag damhsa le chéile ar na sráideanna.

Foinse: *Time Magazine* (25 Lúnasa 1947).

1. Cad a bhí á cheiliúradh?
2. Conas a chuaigh sé chun leas príosúnach?
3. Cad a bhí na ceannaithe síoda ag díol?
4. Cé a bhí ag damhsa le chéile agus cén áit?
5. Go hachomair, luaigh fadhb amháin a bhí roimh an India i ndiaidh don thír neamhspleáchas a bhaint amach.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Géarchéim Shuais, 1956.
2. Charles de Gaulle agus an Ailgéir.
3. Coinbhinsiúin Lomé.
4. Nadine Gordimer.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh David Ben-Gurion agus/nó Gamal Abdul Nasser i ngleic leis an gcoimhlint idir na hArabaigh agus Iosrael?
2. Cad iad na cúiseanna ar scar Katanga ón gCongó agus cén fáth ar tharla cogadh dá bharr?
3. Cad iad na fadhbanna a bhí roimh oibrithe forbartha san Afraic, 1945-1990?
4. Conas a chuaigh rialtas na Breataine agus/nó na Fraince i ngleic le fadhbanna maidir le caidreamh idir ciníocha?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo sliocht coimirthe as cuntas staraí ar chóras tollán Víotchongach gar do Saigon, príomhchathair Vítneam Theas. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Is éard a bhí sa bhunáit Víotchongach [Vítneamach Thuaidh] i gCeantar Cu Chi, taobh amuigh de Saigon, ná córas tollán faoi thalamh a bhí roinnt mílte ar fad taobh le haerbhunáit mhór de chuid na Stát Aontaithe.

Bhí stáisiúin altranais, seomraí obráide, agus cistineacha ann. Cuireadh láithreacha bia, scithe agus stórála ar fáil chomh maith.

Lig sé do na Víotchongaigh feidhmiú os comhair an dá shúil ag fórsaí Mheiriceá, ionsaí a dhéanamh orthu gan choinne, agus ansin, imeacht as radharc go tapa.

Foinse: Pierre Asselin, *Vietnam's American War: A History* (Cambridge: Cambridge University Press, 2018).

1. Cé a chuir an córas tollán ar bun?
2. Cén áit ar cuireadh ar bun é?
3. Cad iad na háiseanna a bhí mar chuid den chóras tollán?
4. Luagh buntáiste míleata amháin a bhain leis an gcóras tollán dóibh siúd a thóg é.
5. Tabhair cúis amháin ar tharla sé go raibh baint ag na Stáit Aontaithe le Vítneam.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Joe McCarthy.
2. Géarchéim na nDiúracán i gCúba.
3. Billy Graham.
4. SALT agus Star Wars.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Martin Luther King i mbaghcat bus Montgomery, 1956?
2. Le linn na 1960idí agus 1970idí, conas a d'fhorbair an ghluaiseacht frithchogaidh sna Stáit Aontaithe?
3. Conas a tharla gur éirigh leis na hiarrachtaí chun turirlingt ar an ngealach in 1969 agus céntábhacht a bhain léi?
4. Cad a chuir Betty Friedan agus/nó Marilyn Monroe leis an saol i Meiriceá?

Freagair na ceisteanna thíos má tá tú ag leanúint na dTreoracha Malartacha le haghaidh 2024 amháin atá ar chlúdach tosaigh an scrúdpháipéir seo.

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tagraítéar sa sliocht coimrithe seo do thuairisc nuachtáin ar an *Manchester Guardian* ar Mháirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Téann na fir chun bóthair ar 8.45 a.m. gach maidin ar an máirseáil 25 lá go Londain. Táthar ag súil go mbainfidh siad Londain amach ar 1 Samhain. Siúlann siad ar feadh 50 nóiméad gach seal, agus ansin glacann siad sos 10 nóiméad. Is cinnte nach máirseáil ocrais atá ann, lena bhfaca mé inniu d'uibhneacha agus bradán agus ceapairí.

Tá an chuma air go bhfuil eagrú na máirseála geall le bheith foirfe. Cuid de sin is ea veaigín iompair – bus dara láimhe a ceannaíodh ar £20 agus é athchóirithe chun soláthairtí riachtanacha a iompar ar nós bia, pluideanna agus éadaí uiscedhíonacha do laethanta báistí. Cuirtear lóistín na hoíche ar fáil i hallaí druileála, i scoileanna agus in institiúidí eaglaise.

Foinse: *Manchester Guardian*, 13 Deireadh Fómhair 1936.

1. Cén t-am a thosaíonn an mháirseáil gach maidin?
2. Cén fad ama a bheadh na fir ag máirseáil sula mbeadh sos acu?
3. Cén fáth, dar leis an tuairisceoir, ‘nach máirseáil ocrais’ atá ann?
4. Cén lóistín a chuirtear ar fáil san oíche?
5. Go hachomair, cén fáth a raibh an difhostaíocht chomh hard sin sa Bhreatain sna 1930idí?

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmháiodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a easraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Ardteistiméireacht - Gnáthleibhéal

Stair

Dé Céadaoin 12 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 - 4:50